

# ☼ An Lúibín ☼

20 Bealtaine 2023

## Teangacha neamhchoitianta

*Among the less spoken languages of the world are Karaïm, the Turkic language of a small European Jewish community, and Wymysorys, a Germanic language spoken only in a small town in southern Poland.*

## Caraïmis

Teanga Thurcach<sup>1</sup> is ea an Charaïmis (*Karaïm, karay tili*) agus í á labhairt ag pobal beag Giúdach - dornán daoine sa Liotuáin, an Pholainn, an Chrímé agus an Ghailís san Úcráin.<sup>2 3</sup> Ochtó duine ar fad, b'fhéidir, agus canúintí éagsúla acu. Sa Liotuáin tá sí le coisteáil in Trakai, áit a bhfuil baint ag na cainteoirí le caisleán gleoite ar Oileán Trakai agus tacaíocht rialtais acu. Tá fianaise againn ón 13ú haois gur tháinig Caraïmiseoirí go dtí an Chrímé ó Chathair Constantín; de réir bhéaloideas Charaïmiseoirí na Liotuáine, tháinig siad féin ann ón gCrímé in 1392.

Is iomaí teanga a ndeachaigh i bhfeidhm ar an gCaraïmis – Arabais fadó sa Mheasapátáim, an Turcais féin faoi na hOtománaigh, agus, ar dóigh, Liotuáinis, Polainnis, Úcráinis agus Rúisis, gan trácht ar Eabhrais. Ní mór do gach Caraïmiseoir teanga amháin eile a labhairt ar a laghad.



Caisleán Trakai sa Liotuáin  
*Wikimedia Commons*

## Wymysorys

Ceann de theangacha Gearmánacha an Iarthair is ea Wymysorys agus gaol aici, mar sin, le Gearmáinis, Ísiltírís, na teangacha Lochlannacha agus an Béarla féin.<sup>4</sup> Í á labhairt ag pobal beag in Wilamowice i ndeisceart na Polainne, in aice na Siléise, críoch ilghnéitheach a mbíodh cainteoirí Gearmánise le fáil ann. Síltear gur shíolraigh pobal Wilamowice ó Ghearmánaigh, Pléimeannaigh agus Albanaigh a tháinig sa 13ú haois.

Is dócha gur eascair Wymysorys ón meán-Ghearmáinis Ard sa 12ú haois. In 2006 bhí timpeall seachtó cainteoir Wymysorys ann agus a bhformhór scothaosta. Lorg tréan na Polainnise anois uirthi. Tar éis gur ghabh na Gearmánaigh an Pholainn sa Dara Cogadh Domhanda mhol siad saothrú na teanga, ach tar éis an chogaidh thoirmeasc na húdaráis Chumannacha í a úsáid, agus thosaigh daoine ag iompú ar an bPolainnis. Bhí daoine ann a bhí ag obair ar son na teanga roimh an gcogadh agus ina dhiaidh. Chum an státseirbhíseach Ostra-Ungárach Florian Biesik (1849-1926) caighdeán liteartha don teanga. Rinne an mianadóir Józef Gara (1929-2013) obair ar an aibítír, scríobh filíocht sa teanga agus bhailigh amhráin. Tá an Dr Tymoteusz Król ag cur taifead le chéile agus

<sup>1</sup> Fine teangacha gleanaithe atá ainmithe as an Tuircis, an teanga is suntasaí den fhine.

<sup>2</sup> Karaïm: <https://www.youtube.com/watch?v=oFWZ99-o6Fg>

<sup>3</sup> The Sound of Karaïm language (Numbers, Words & Sample Text): <https://www.youtube.com/watch?v=5uh7qH8Oaqq>

<sup>4</sup> The World's Most Endangered Germanic Language – Wymysorys : <https://www.youtube.com/watch?v=8IMSZdRVpmU>

déanamh taighde, agus rinne sé foclóir; tá baint aige le clár acadúil in Ollscoil Vársá a dhéanann staidéar ar an teanga.<sup>5</sup> Tá suim ag teacht arís i gcuid de na daoine óga in Wymysorys agus fonn orthu í a fhoghlaim.



Wilamowice  
Wikimedia Commons



### Gaelscoileanna agus gaelcholáistí

*Thousands of Irish students attend Irish-medium primary schools, but government policy has left a dearth of Irish-medium secondary schools. Interestingly, a handful of National schools now teach through Irish.*

Má tá tú orthu siúd a deir go bhfuil rath na Gaeilge feasta ag brath ar oideachas trí Ghaeilge (agus ar *An Lúibín*, ar ndóigh), is fiú súil a chaitheamh ar phíosa le Méabh Ní Thuathaláin ar *Tuairisc.ie*.<sup>7</sup> I sé cheantar ar leith, a deir an t-alt sin, tá 5,769 dalta le fáil i sé ghaelscoil is fiche, ach níl aon ghaelcholáiste acu.

Is iad na ceantair úd Droichead na Bandan in iarthar Chorcaí, Tulach Mhór in Uíbh Fhailí, oirdheisceart chontae na Mí, ceantar Choill na Silíní agus ceantar Shoird i mBaile Átha Cliath agus Baile Átha Cliath 2, 4, 6 agus 8. Agus i dtuaisceart chathair Bhaile Átha Cliath tá fiche gaelscoil agus gan ach ceithre ghaelcholáiste. Tá deich ngaelcholáiste i mBaile Átha Cliath ach ní leor sin chun an t-éileamh a shásamh.

Chuir an Roinn Oideachais de dhua uirthi féin tuarascáil faoin ghaeloideachas a fhoilsíú anuraidh. Dúirt sí go dtiocfadh laghdú ar scoileanna de gach saghas a bhunú amach anseo mar gheall ar athruithe déimeagrafacha. Ach déanann an tuarascáil neamhaird ar an éileamh – an rud is tábhachtaí. Admhaíonn an tuarascáil nach ndeachaigh ach 36% de na ndaltaí i Rang a Sé sna gaelscoileanna in 2020 ar aghaidh go dtí meánscoil lán-Ghaeilge. Tá 13 contae ann nach bhfuil meánscoil lán-Ghaeilge iontu. Beidh an-bhrú feasta ar an Roinn agus ar an rialtas an scéal a athrú.

Luadh thuas an cheist dhéimeagrafach agus an bhéim a chuireann an Roinn uirthi. Tá baint aige seo le bunú na ngaelscoileanna féin, ach mar a áitíonn an Dr Kerron Ó Luain, staraí agus taighdeoir, is féidir uaireanta gaelscoil a dhéanamh de ghallscoil.<sup>8</sup> Faoi láthair tá 188 gaelscoil ann, in éineacht le 106 bunscoil Ghaeltachta agus timpeall 82 meánscoil lán-Ghaeilge (agus aonaid Ghaeilge san áireamh). I measc na ngaelscoileanna tá scoileanna náisiúnta a athbhunaíodh mar scoileanna lán-Ghaeilge.

Le breis is caoga bliain anuas, mar a mhaíonn an Luanach, rinneadh gaelscoil de scoil náisiúnta gach deich mbliana, rud is ionann agus 2.7% den 188 ghaelscoil a bunaíodh go dtí seo. Faoi láthair tugann an Roinn Oideachais aird ar fhás déimeagrafach amháin agus gaelscoil le bunú; mura bhfuil fás ann, fágfar tuismitheoirí in áit na leathphingine. Dá ndéanfaí iompú, shábhálfadh sin airgead ar an Roinn.

<sup>5</sup> Tymoteusz Król (UW), 'Overcoming a social trauma through revitalization,' Wilamowice, September 2016: <https://www.youtube.com/watch?v=g4z857UgldY>

<sup>6</sup> Rosalia Hanusz ag caint in Wymysorys: <https://www.youtube.com/watch?v=6EiCVwwg31g>

<sup>7</sup> <https://tuairisc.ie/26-gaelscoil-5800-dalta-gaelcholaiste-ar-bith/>

<sup>8</sup> 'Ag Iompú Gallscoileanna ina Ghaelscoileanna? Scéal na Scoileanna Náisiúnta a Thug Droim Láimhe don Bhéarla Nuashonraithe': RTÉ, 27/4/2023: <https://www.rte.ie/gaeilge/2023/0425/1378924-ag-iompu-gallscoileanna-ina-gaelscoileanna/>

Luann an Luanach roinnt scoileanna náisiúnta a ndearnadh gaelscoileanna díobh: Scoil Iognáid i gCathair na Gaillimhe, 1971; scoil i Má in Iarthar Chontae an Chláir, ceantar idir Inis Díomáin agus Sráid na Cathrach (1981) – scéal nach raibh an Roinn ró-shásta leis; Gaelscoil an Teaghlaigh Naofa i dTromaire, Co. Laoise (1992); Gaelscoil Naomh Séamus (2020) lasmuigh de Chill Orglan i gCiarraí Theas.

Rinneadh iarrachtaí eile ach chlis orthu. Ní raibh eolas ag daoine ar an tumoideachas, chuir an chléir agus na boird bhainistíochta ina aghaidh agus ní raibh cabhair le fáil ón Roinn. Deirtear gur mhór an cúnadh é dá leagadh an Roinn treoirínite síos chun an t-iompú a éascú.



### **Rúisis sa Laitvia**

*Thousands of Russians remained in the Baltic countries after the dissolution of the Soviet Union. Now the Latvian authorities are demanding proof of proficiency in the Latvian language.*

D'fhág deireadh an Aontais Shóivéadaigh slua Rúiseach ina gcónaí sna tíortha Baltacha – an Laitvia, an Liotuáin, an Eastóin. Iad ar a suaimhneas ann, ag labhairt a dteanga féin, cé gur fada drogall éigin ar údaráis na dtíortha sin rompu. Ní hé nach bhfuil teangacha Baltacha ag cuid mhaith de Rúisigh an réigiúin, ach is minic na seandaoine i muinín na Rúisise amháin.

Tá naoi milliún duine sa Laitvia agus Rúisigh iad an ceathrú cuid acu. Tá Rúisis á húsáid in áiteanna oibre agus ar an teilifís agus an raidió, agus tá nuachtáin Rúisise ann. Thig leat labhairt i Rúisis i siopanna.

Sa Laitvia tá ceisteanna slándála náisiúnta ag teacht chun tosaigh de thoradh an chogaidh san Úcráin. Tá an rialtas tar éis a éileamh go ndéanadh 20,000 duine triail teanga, daoine a bhfuil pas Rúiseach acu, cé gur mná scothaosta a bhformhór agus gur beag an baol do tír iad. Chuir Reuters síos ar ghrúpa aon bhean déag idir 64 agus 74 bliana d'aois agus iad ag déanamh dianchúrsa trí mhí in Riga.<sup>9</sup> Fuair siad pas Rúiseach tar éis gur scar an Laitvia ón Aontas Sóivéadach in 1991, rud a lig dóibh dul ar scor in aois a gcaoga bliain, pinsean a fháil ón Rúis agus dul gan víosa go dtí an Rúis agus an Bhealarúis. Ach nuair a rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin in 2022, mhúch an Laitvia cláir theilifíse Rúiseacha, agus anois tá sí ag iarraidh deireadh a chur le hoideachas trí Rúisis.

Níl an triail ró-dheacair, más fíor. Caithfidh tú a bheith in ann abairtí simplí a úsáid agus a thuiscint. Ach má theipeann ort, caithfidh tú an tír a fhágáil faoi cheann 'am réasúnta'. Is beag an sólas é sin do Rúisigh chríonna, fiú agus inní stairiúil na n-údarás curtha san áireamh.



### **Díothú an chine dhaonna**

*A degraded habitat and declining fertility may mean the extinction of yet another mammalian species – us.*

Cuimhnigh air seo: b'fhéidir go mairfeadh an Ghaeilge (i bhfoirm thaifeadta) níos faide ná an cine daonna féin. Pailé-ointeolaí agus bitheolaí éabhlóideach is ea Henry Gee, agus é ina eagarthóir ar an iris *Nature*.<sup>10</sup> Áitíonn sé go bhfuil an díothú i ndán dúinn (fiú agus gan téamh an domhain a chur san áireamh).

Is iondúil go dtagann agus go n-imíonn speicis mhamacha go héasca, iad ag maireachtáil timpeall milliún bliain. Tá *Homo sapiens* ann le tuairim is 315,000 bliain, ach bhíomar gann go dtí le déanaí; mhéadaigh ar ár líon go tapa, rud a d'fhág gur beag éagsúlacht ghéiniteach atá againn. Ní chuidíonn sin le maireachtáil speicis. Ina theannta sin, tá an síol daonna ag dul i laige le cúpla scór blianta anuas. Ní fios cén fáth – b'fhéidir go bhfuil baint ag an truailliú leis.

Sa saol atá anois ann caithfidh daoine leanacht orthu ag obair níos crua agus níos faide chun caighdeán áirithe beatha a choinneáil nó a bhaint amach. Is dócha, áfach, nach bhfuil an geilleagar domhanda ag dul i neart dá bharr le scór blianta anuas. B'fhéidir go gcuirfeadh daoine síolrú clainne ar an méar fhada dá bharr, agus laghdú ag teacht ar a dtorthúlacht dá réir.

Tá rud eile le cur áireamh, agus caithfidh fáiltiú roimhe – saoradh na mban i gcúrsaí airgid, síolraithe agus polaitíochta. Chuir sin go mór le líon na n-oibríthe, agus chuaigh sé ar sochar don phobal go léir maidir le hoideachas agus fad saoil. Ní call do mhná an oiread sin clainne a bheith acu anois, ach tiocfaidh laghdú ar an daonra dá bharr, go háirithe má bheireann na mná clann níos déanaí ina saol.

<sup>9</sup> 'Russians in Latvia learn local language to avoid deportation,' Andrius Sytas agus Janis Laizans, Thomson Reuters.

<sup>10</sup> 'Humans Are Doomed to Go Extinct: Habitat degradation, low genetic variation and declining fertility are setting *Homo sapiens* up for collapse': Henry Gee, November 30, 2021, *Scientific American*: <https://www.scientificamerican.com/article/humans-are-doomed-to-go-extinct/>

Tá uair na práinne i ndán do gach speiceas, fiú na speiceas a bhfuil cuma an ratha orthu. Tíocfaidh an díothú, is cuma cén tseift a imrítear chun é sin a bhacadh, agus is í an ghnáthchúis atá leis sin toradh moillithe ar mhilleadh na gnáthóige. Is é an domhan go léir ár ngnáthógna, agus sinne is mó a bhaineann úsáid agus mí-úsáid aisti.

When the habitat becomes degraded such that there are fewer resources to go around; when fertility starts to decline; when the birth rate sinks below the death rate; and when genetic resources are limited – the only way is down. The question is 'How fast?'

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

**Pródánta le Colin Ryan. (Foilsiódh liricí dá chuid in *Corraí na Nathrach*, Coiscéim 2017, agus *Rogha*, Coiscéim 2022.)**

### **Scoite**

Uaireanta tháinig fonn air é féin a dhealú amach ón saol, limistéar a aimsiú nach raibh ann ach aer, solas agus uaigneas, scoite amach ón suaitheadh (cé nach raibh ina thimpeall ach críoch na síochána, macántacht i réim, diomaite de na scabhaitéirí a gheofá in áit ar bith), agus seo anois é ar chiumhais na páirce, ag breathnú ar neacha in éide dhaite, faoi mar gur dhaoine iad, óg agus aosta, i síorléiriú mór an tsaol, ag caint i dteanga aineoil, ag déanamh comharthaí gan chiall, ag siúl, ag rith, ag déanamh chleas an rotha, ag dul tóin thar ceann, ag imeacht, ag síothlú faoi dheireadh, agus an solas ag dul i séimhe, ag géilleadh de réir a chéile do reanna neimhe, do thús gealaí, do sciatháin leathair. D'éirigh sé (d'aiséirigh sé) agus thug a aghaidh ar shráid nár chuimhin leis a hainm, ar bhord lom, ar chodladh corrach.

### **Fothrach**

Bhí eagla uirthi roimh an gcogadh úd nár tháinig fós, an cogadh a bhí ag druoidim anall léi, ó fhíor na spéire, deatach ag éirí ar maidin agus torann éigin ann, thall mar a raibh na fothraigh dhóite, agus na héin ag teacht anall, iad trí thine, ag titim sa chlós. Ach ní raibh sa mhéid sin ach taibhreamh, tromluí, é ina chodladh istigh inti agus ag dúiseacht ó am go chéile, go dtí nach raibh a fhios aici an raibh sí faoi shuan riamh, de lá nó d'óiche, nó ar shuan í a beatha go léir.

D'oscail sí a súile maidin áirithe agus chonaic gurbh fothrach é an teach agus go raibh daoine sínte sa chlós, saighdiúirí, iad chomh marbh le corp ar bith dá bhfaca sí riamh, nó chomh beo is a d'fhéadfadh na marbháin a bheith, agus thug sí isteach sa chistin iad, iad ag ól tae i gcuibhreann a chéile. Chuala sí a scéalta, rúin nach ligfidís leis na daoine ab ansa leo, scéalta a dhearmad sí ar an bpointe boise.

D'oscail sí a súile arís agus chonaic go raibh an teach mar a bhí sé riamh, gan dochar. Na marbháin imithe. Ach bhí bláthfhleasc fágtha ar an mbord, bláthanna feoite.

### **Daonna**

Táim beagnach daonna, a deir sí, pé rud is daonnacht ann, deireadh na daoine féin nárbh fhéidir a rá cad is daonnacht ann, anam, tuiscint, filíocht. Níl ionamsa (a deir sí) ach guth.

Í ag taisteal i long réaltach, long neimhe, long lonrach, lán de ríomhdhraíocht, de cháblaí, de rudaí a chum sí lena hintinn dhiamhair dhoilfe. Cuid den long í, cuid den chruinne shaorga. Tá a fhios aici go bhfaighidh sí bás: b'fhéidir gurb é an t-eolas sin an rud is daonna amach.

Í ag gabháil thar phláinéid, thar ghriana, thar scamail ollmhóra an spáis. Taisteal gan tuirse, an ceann sprice ag cúlú roimpi. Samhlaíonn sí í féin mar dhuine, mar spéirbhean i ngúna airgeata, bandia féin, neamhbhásmar. Ach is é an t-éag atá i ndán di, an mheabhair leathdaonna ag téaltú aisti, an long ina seoid lonrach, seoid fholamh, seoid ar fán.